Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2015**
**(OR. en)**

**14444/15**

**CULT 86**
**RELEX 958**
**MIGR 65**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 24 Samhain 2015 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13646/1/15 REV 1 CULT 77 RELEX 872 MIGR 61 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena leasaítear an Plean Oibre don Chultúr (2015-2018) i dtaca le tábhacht an phlé idirchultúrtha<br>- Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle<br>(an 24 Samhain 2015) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena leasaítear an Plean Oibre don Chultúr (2015-2018) i dtaca le tábhacht an phlé idirchultúrtha, a glacadh ag an 3428ú cruinniú de chuid na Comhairle a tionóladh an 24 Samhain 2015.

**Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena leasaítear an Plean Oibre don Chultúr (2015-2018) i dtaca le tábhacht an phlé idirchultúrtha**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS,

AGUS AG MEABHRÚ DÓIBH na Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh laistigh den Chomhairle, maidir le Plean Oibre don Chultúr (2015-2018)[1],

I bhFIANAISE na gConclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí Dheireadh Fómhair 2015[2], ina leagtar amach go bhfuil oibleagáid orainn ar fad dul i ngleic le géarchéim na himirce agus na dteifeach, dúshlán a éileoidh straitéis chuimsitheach agus iarracht dhiongbháilte ar feadh i bhfad de mheon na dlúthpháirtíochta agus na freagrachta,

Agus BÉIM Á LEAGAN ar a thábhachtaí atá sé, tar éis freastal ar riachtanais láithreacha na n-imirceach agus na dteifeach, go bhféachfaí lena n-imeascadh sóisialta agus eacnamaíoch,

Agus BÉIM Á LEAGAN freisin ar a thábhachtaí atá an cultúr agus na healaíona i bpróiseas imeasctha na dteifeach sin a dtabharfar stádas an tearmainn dóibh, ó thaobh cabhrú leo a dtimpeallacht nua agus an bhaint idir sin agus a gcúlra sóch-chultúrtha féin a thuiscint, rud a chabhródh le sochaí níos comhtháite, oscailte a fhorbairt,

[1] IO C 463, 23.12.2014, lch. 4.
[2] EUCO 26/15

Agus AG MEABHRÚ DÓIBH gur féidir leis an idirphlé idirchultúrtha daoine agus pobail a thabhairt le chéile agus bheith ina chabhair chun coinbhleachtaí a chosc agus don phróiseas athmhuintearais[3], agus go bhfuil an comhar Eorpach i réimse an chultúir ag díriú air sin ó 2002 i leith agus gur réimse tosaíochta den Phlean Oibre don Chultúr (2015-2018) é,

COMHAONTAÍONN SIAD, i gcomhthéacs ghéarchéim na himirce agus na dteifeach, agus d'fhonn sochaí chuimsitheach a chothú a mbeadh an éagsúlacht chultúrtha mar bhonn fúithi, go ndéanfar an Plean Oibre don Chultúr (2015-2018) a leasú trí choigeartú a dhéanamh ar réimse tosaíochta D3a) maidir leis an idirphlé idirchultúrtha, mar a leanas:

[3] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an éagsúlacht chultúrtha agus an t-idirphlé idirchultúrtha a chur chun cinn i gcaidreamh seachtrach an Aontais agus na mBallstát (IO C 320, 16.12.2008, lch. 10).

| **Réimse tosaíochta D: An éagsúlacht chultúrtha, cultúr i gcaidreamh seachtrach an Aontais Eorpaigh agus soghluaisteacht a chur chun cinn**<br>An Clár oibre Eorpach don Chultúr: *An éagsúlacht chultúrtha agus an t-idirphlé idirchultúrtha (3.1), an Cultúr mar ghné ríthábhachtach i gcaidreamh idirnáisiúnta (3.3)*<br>An straitéis Eoraip 2020: *Fás inbhuanaithe agus cuimsitheach (tosaíochtaí 2, 3), Ionstraimí beartais sheachtraigh an Aontais Eorpaigh a úsáid.* | | | |
|---|---|---|---|
| Gníomhaíochtaí a dhéanfaidh | Ábhair | Ionstraimí agus modhanna oibre (lena n-áirítear i gcás trasearnála) | Spriocthorthaí agus amlíne tháscach |
| An Coimisiún/ Na Ballstáit | A. Idirphlé idirchultúrtha<br><br>I gcomhthéacs ghéarchéim na himirce agus na dteifeach, féachaint ar na bealaí ina bhféadfaidh an cultúr agus na healaíona daoine agus pobail a thabhairt le chéile, a rannpháirtíocht sa saol cultúrtha agus sa saol sóisialta a mhéadú, mar aon leis an idirphlé idirchultúrtha agus an éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn.<br><br>Bunófar naisc le líonraí agus le bunachair imeasctha eile ar leibhéal an Aontais[4]. | Modh oscailte an chomhordaithe (MOC)<br><br>Déanfaidh na saineolaithe machnamh ar na beartais agus ar na dea-chleachtais atá ann faoi láthair maidir leis an idirphlé idirchultúrtha[5], agus béim ar leith á leagan ar imeascadh na n-imirceach agus na dteifeach i sochaithe trí mheán na n-ealaíon agus an chultúir. | 2016<br><br>Lámhleabhar na ndea-chleachtas. |

---

4 Amhail an suíomh gréasáin Eorpach maidir le himeascadh: https://ec.europa.eu/migrant-integration/pratiques-dintegration

5 Tá cnuasach de na beartais agus de na cleachtais atá ann faoi láthair maidir leis an éagsúlacht chultúrtha agus leis an idirphlé idirchultúrtha a chur chun cinn le fáil i dtuarascáil MOC don bhliain 2014 maidir le ról na n-institiúidí poiblí ealaíon agus cultúir: http://ec.europa.eu/culture/library/reports/201405-omc-diversity-dialogue_en.pdf